Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16129/23**

**COPS 571**
**CIVCOM 291**
**CFSP/PESC 1607**
**CSDP/PSDC 805**
**RELEX 1404**
**JAI 1582**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhshocrú sibhialtach CBSC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Nollaig 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHSHOCRÚ SIBHIALTACH CBSC

1. Ní mór iarrachtaí breise a dhéanamh chun an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a áirithiú de dheasca foinsí éagobhsaíochta agus coinbhleachtaí atá ag dul i méid i gcomharsanacht an Aontais, go háirithe cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, chomh maith leis an iomaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid, gníomhaíochtaí athbhreithnitheacha agus géarchéimeanna atá ag dul in olcas. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas ról agus acmhainneacht an Aontais a neartú chun gníomhú mar sholáthraí teanntásach cinntitheach slándála agus cosanta, ag meabhrú di an Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint agus Comhshocrú Sibhialtach nua CBSC mhí na Bealtaine 2023.

2. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cuir chuige shibhialtacha maidir le bainistiú géarchéime. Cuireann an Chomhairle i dtreis an breisluach suntasach a bhaineann le misin shibhialtacha CBSC, agus cuireann sí a buíochas in iúl do mhná agus d’fhir a bhíonn ag fónamh i misin a imscartar ar fud láithreacha san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic. Is uirlis uathúil pholaitiúil agus oibríochtúil iad na misin don Aontas chun tacú le tíortha óstacha ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar a slándáil, agus cur le slándáil inmheánach an Aontais ag an am céanna.

3. Leagann an Chomhairle béim ar an tacaíocht dhaingean fhadtéarmach a thugann an tAontas don Úcráin. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht do CBSC sibhialtach a neartú agus freagairt go mear do riachtanais mhéadaitheacha na hÚcráine mar chuid d’iarrachtaí níos leithne an Aontais chun slándáil na hÚcráine a fheabhsú. Molann an Chomhairle an obair uile atá déanta ag Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM), lena n-áirítear an tacaíocht d’athchóiriú earnáil slándála na hÚcráine, bainistiú comhtháite teorainneacha, agus, mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise, na hiarrachtaí a rinneadh i réimse imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna idirnáisiúnta agus i ndáil leis an smacht reachta a athbhunú sna críocha a saoradh agus sna críocha tadhlachaa.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh agus gur seoladh trí mhisean nua go pras in 2023.

5. Molann an Chomhairle an obair bhunriachtanach atá déanta ag Misean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (EUPM) i bPoblacht na Moldóive chun struchtúir bainistithe géarchéime a neartú agus chun athléimneacht a chothú i leith bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear cibearbhagairtí agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Moldóiv mar thoradh ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go leanfar leis an tacaíocht de réir riachtanais na Moldóive.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA), lena mbreathnaítear agus lena dtuairiscítear ar an staid slándála i limistéir teorann san Airméin, lena gcuirtear le slándáil an duine i limistéir atá buailte ag coinbhleacht , agus arb é is aidhm dó tacú le cothú muiníne idir an Airméin agus an Asarbaiseáin. Tacaíonn an Chomhairle le neartú an Mhisin chun níos mó patról laethúil a dhéanamh, lena n-áirítear i limistéir íogaire.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais (EUSDI) chun tacú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine trí dhlúthchomhar sibhialtach míleata lena ndírítear ar an idirphlé leis na húdaráis áitiúla a neartú, agus ar na fórsaí slándála agus cosanta a threisiú chun an brú atá á chur ag grúpaí armtha sceimhlitheoireachta a shrianadh agus chun freagairt dó.

8. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun comhleanúnachas CBSC sibhialtach le hionstraimí eile a áirithiú, lena n-áirítear i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, mar chuid de Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha, le linn na pleanála, an chur chun feidhme agus an aistrithe. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le comhar treisithe idir misin shibhialtacha CBSC agus seirbhísí agus ionstraimí an Choimisiúin i ngach láthair agus go háirithe i dtíortha is iarrthóirí.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme a fhorbairt, agus iad a chur chun feidhme ina dhiaidh sin, d’fhonn comhshocrú sibhialtach CBSC nua a chur i gcrích, agus rannchuidiú le CBSC sibhialtach a mhéadú, lena n-áirítear iasachtaí, agus iarracht á déanamh ag an am céanna paireacht inscne agus ionadaíocht leathan na mBallstát a bhaint amach.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle na chéad chéimeanna chun éifeachtacht agus inoiriúnaitheacht CBSC sibhialtach a fheabhsú, mar a leagtar amach i gcomhshocrú nua sibhialtach CBSC. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle neartú acmhainneacht an Chumais Shibhialtaigh Pleanála agus Seolta (CPCC) mar cheanncheathrú ar an leibhéal oibríochtúil. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun cumas an Aontais freagairt go tapa agus go héifeachtúil do ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn a neartú.

11. Tathantaíonn an Chomhairle ar SEGS, i gcomhréir leis an ngealltanas faoi Chomhshocrú Sibhialtach nua CBSC, togra a thíolacadh gan a thuilleadh moille maidir leis an gCód Iompair a athbhreithniú, agus tráth nach déanaí ná an chéad ráithe de 2024, ina mbeidh ról láidir comhordaithe ag an eintiteas neamhspleách.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad chéim chun próiseas forbartha maidir le cumas sibhialtach (CCDP) a bhunú lena n-áirítear Comhdháil Bhliantúil maidir le Cumais Sibhialtach, reáchtálfar an chéad cheann acu in 2024, chomh maith le próiseas giniúna acmhainneachta, chun go bhforbróidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais na cumais sibhialtach riachtanacha CBSC, lena n-áirítear i dtéarmaí acmhainní daonna, teicneolaíochta, lóistíochta agus trealaimh, ar bhealach níos struchtúrtha agus níos fadtéarmaí do chásanna éagsúla don rannpháirtíocht amach anseo. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an oiliúint mar phríomhghné d’fhorbairt an chumais. Is díol sásaimh don Chomhairle an cur chuige sibhialtach míleata a glacadh sa réimse sin, chomh maith leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar Bheartas an Aontais maidir le hOiliúint le haghaidh CBSC agus ar an gCinneadh maidir leis an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) ón gComhairle.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar thionchar mhisin shibhialtacha CBSC, d'fhonn a n-éifeachtacht a mhéadú. Tá an Chomhairle ag tnúth le modheolaíocht a fhorbairt agus le meastóireacht phíolótach a dhéanamh in 2024, ag athdhearbhú di gur cheart torthaí na meastóireachta a léiriú sna hathbhreithnithe straitéiseacha agus sa phleanáil fhoriomlán agus sa chur chun feidhme foriomlán.

14. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Thairis sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go nglacfaí agus go gcuirfí chun feidhme an Bheartais maidir le Dícheall Cuí um Chearta an Duine i ndáil le Tacaíocht Slándála do thríú páirtithe.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá na cumais riachtanacha a chur ar fáil do na misin chun an athléimneacht i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear cibearbhagairtí, chomh maith le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), a neartú agus chun an fhreagairt orthu a neartú.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cumarsáid straitéiseach shaincheaptha láidir a fhorbairt, lena n-áirítear mar chuid den phleanáil straitéiseach le haghaidh mhisin CBSC, chun tacú le cur chun feidhme shainorduithe na misean, agus chun infheictheacht mhisin CBSC shibhialtacha a fheabhsú.

17. Iarrann an Chomhairle ar SEGS modúlacht agus inscálaitheacht mhisin shibhialtacha CBSC a fheabhsú agus imscaradh leabaithe a úsáid de réir mar is gá, mar shampla foirne speisialaithe agus saineolaithe ar cuairt, mar rogha chun éifeachtacht mhisin shibhialtacha CBSC a neartú.

18. Iarrann an Chomhairle freisin ar SEGS, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, roghanna a fhorbairt maidir le coincheap oiliúna agus trealaimh, le comhaontú ag an gComhairle, lena bhfeabhsófaí soláthar tacaíochta oibríochtúla do thíortha óstacha faoi chuimsiú shainorduithe mhisin shibhialtacha CBSC agus a bheadh leabaithe in iarrachtaí tírshonracha athchóirithe níos leithne an Aontais, i gcomhréir leis an gCur Chuige Comhtháite.

19. Iarrann an Chomhairle an athuair go neartófaí comhpháirtíochtaí le tríú stáit atá ar aon intinn leo agus a bhfuil na luachanna agus cuspóirí céanna acu is atá ag an Aontas, lena n-áirítear trína rannchuidiú le misin shibhialtacha CBSC a chur chun cinn i gcomhréir leis na módúlachtaí a comhaontaíodh, agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach an Aontais, do na prionsabail agus do na nósanna imeachta a comhaontaíodh, agus comhar agus idirphlé leis an tsochaí shibhialta ar gach leibhéal á bhfeabhsú ag an am céanna.

20. Iarrann an Chomhairle ar na páirtithe leasmhara uile leanúint d’éifeachtacht agus d’éifeachtúlacht mhisin shibhialtacha CBSC a mhéadú agus na cumais ghaolmhara a fhorbairt a thuilleadh, agus buiséad cothrom inbhuanaithe CBES á áirithiú ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí plé bliantúil a dhéanamh maidir le mhisin CBSC shibhialtacha ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha.